GA

AGUISÍN

Aguisín a ghabhann leis an nglao ar léiriú spéise le haghaidh baill foirne ar conradh sna grúpaí feidhme agus sna próifílí seo a leanas:

Leathanach 1

I ndiaidh

EPSO/CAST/P/20/2018 - Síceolaithe oideachais – Grúpa Feidhme IV

Cuirtear

EPSO/CAST/P/21/2019 Profléitheoirí – Grúpa Feidhme III

EPSO/CAST/P/22/2019 Aistritheoirí – Grúpa Feidhme IV

Leathanach 4

Faoi bhun

2) Trialacha roghnúcháin a eagraíonn EPSO. Na trialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire

Má chuirtear d'ainm ar an ngearrliosta, tabharfar cuireadh duit chuig ionad trialacha creidiúnaithe chun sraith de thrialacha ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh, mar atá leagtha amach sa tábla thíos: Gheobhaidh tú tuilleadh treoracha maidir leis na trialacha i do chuntas EPSO [etc.]

Triail	**Teanga**	**Líon ceisteanna**	**Fad ama**	**Pasmharc**	**Má éiríonn leat, beidh do thorthaí bailí go ceann**
I) Trialacha réasúnaíochta					
Réasúnaíocht bhriathartha	Teanga 1	20	35 nóiméad	10/20	10 mbliana
Réasúnaíocht uimhriúil	Teanga 1	10	20 nóiméad	An dá cheann le chéile 10/20	
Réasúnaíocht theibí	Teanga 1	10	10 nóiméad		

In ionad

II) Triail inniúlachtaí						
Triail inniúlachtaí	Teanga 2	25	50 nóiméad	Grúpa Feidhme II agus Grúpa Feidhme III 13/25	Grúpa Feidhme IV 16/25	5 mbliana

Cuirtear

II) Triail tuisceana teanga						
Triail tuisceana teanga	Teanga 2	12	30 nóiméad	Grúpa Feidhme III 6/12	Grúpa Feidhme IV 7/12	5 bliana

I gcás an dá phróifíl, déan deimhin de gurb í do sprioctheanga a roghnaigh tú mar theanga 1 le haghaidh na dtrialacha réasúnaíochta (i.e. an Fhraincis más aistritheoir nó profléitheoir Fraincise thú, an Ghearmáinis más aistritheoir nó profléitheoir Gearmáinise thú, etc.)

Faoi bhun

3) Trialacha earcaíochta arb é atá iontu agallamh agus cineálacha meastóireachta eile atá roghnach

Má éiríonn na trialacha réasúnaíochta agus an triail tuisceana teanga leat, tabharfaidh na seirbhísí earcaíochta cuireadh duit dul faoi agallamh le bord roghnúcháin chun go ndéanfar measúnú ar a oiriúnaí atá do cháilíochtaí, do thaithí oibre agus an t-eolas atá agat ar theangacha do dhualgais an phoist. I gcásanna áirithe, féadfaidh na seirbhísí earcaíochta a iarraidh ort cineálacha eile meastóireachta a dhéanamh, e.g. triail scríofa, triail phraiticiúil nó ionsamhlú.

Cuirtear

Tabhair do d'aire go n-iarrfaidh na seirbhísí earcaíochta ort, sa Choimisiún Eorpach go sonrach, trialacha breise aistriúcháin nó profléimh a dhéanamh sula n-earcófar thú.

Leathanach 7

Faoi bhun

IARSCRÍBHINN I – DUALGAIS

Cuirtear

GRÚPA FEIDHME IV – aistritheoirí

a) Aistriú go dtí teanga a roghnaigh tú mar theanga 1 ó dhá theanga foinse ar a laghad (Béarla agus/nó Fraincis go háirithe)
b) Do chuid aistriúchán féin a léamh agus a cheartú.
c) Aistriúcháin a cheartú a rinne aistritheoirí eile, aistritheoirí san institiúid agus saoraistritheoirí
d) Taighde a dhéanamh faoi théarmaí agus bunachar sonraí a chruthú/a chothabháil
e) Cuidiú a thabhairt i leith bearta oiliúna agus forbairt uirlisí TF
f) Comhairle teanga a thabhairt
g) Saineolas a roinnt i réimsí a bhaineann le leas na hinstitiúide
h) Páirt a ghlacadh sa dearbhú cáilíochta agus i gcothabháil sonraí teanga, réimse an mheaisínaistriúcháin san áireamh
i) Tionscadail teanga a bhainistiú
j) Sreabha oibre teanga a bhainistiú

GRÚPA FEIDHME III – profléitheoirí

Profléamh agus eagarthóireacht teanga. Is féidir go mbeidh na nithe seo a leanas le déanamh:

a) Téacsanna a phrofléamh ó thaobh litriú, gramadaí, poncaíochta, formáidiú clóghrafaíochta, téacsanna a aibhsiú arbh fhéidir iad a fheabhsú ó thaobh soiléire de agus nótaí a dhéanamh fúthu, agus ceartuithe ó na húdair a chur isteach;

b) Profaí a ullmhú agus a sheiceáil i gcomhair a bhfoilsithe i bhformáidí éagsúla agus i meáin éagsúla;

c) Téacsanna a ullmhú i bhformáid leictreonach nó ar páipéar ó thaobh an litrithe, na gramadaí agus na comhréire de agus téacsanna a sheiceáil ó thaobh comhsheasmhachta agus aonfhoirmeachta de;

d) A dhéanamh amach an gcomhlíonann na téacsanna na gnásanna agus na rialacha stíle agus an Treoir Stíle Idirinstitiúideach atá glactha ag institiúidí uile an Aontais;

e) Cáilíocht na hoibre a rinne conraitheoirí seachtracha sa réimse a sheiceáil;

f) Doiciméid na hinstitiúide a ullmhú lena bhfoilsiú agus bailchríoch a chur ar théacsanna ó thaobh na clóghrafaíochta de;

g) Cúraimí teanga gaolmhara éagsúla eile a dhéanamh ar nós maoirsiú ar ábhar leathanaigh suímh gréasáin agus tras-scríobh

Beidh feidhm ag prionsabail eile uile an Ghlao *mutatis mutandis* maidir le <u>Profléitheoirí</u> Ghrúpa Feidhme III agus aistritheoirí Ghrúpa Feidhme IV.